CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH



# CLÁR IMBOLC

**IMBOLC PROGRAMME 2024**

**EANÁIR - MÁRTA 2024**

JANUARY - MARCH 2024

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR

Tá ráithe mhór imeachtaí ceoil, ealaíne, litríochta agus oideachais chugainn le sinn a thabhairt ar an aistear ó dhorchadas agus fuacht an gheimhridh isteach i nglaise agus solas an earraigh.

Mí mhór na Gaeilge agus na bpáistí atá i mí an Mhárta agus Seachtain na Gaeilge le Energia agus Féile Páistí Bhéal Feirste Young At Art ar siúl. Tá lúcháir mhór orainn go mbeidh seó úr Ghráinne Holland, 'Draíocht sa Dúlra' san amharclann againn – féasta ceart ceoil, feistis agus drámaíochta don teaghlach uilig.

Is iomaí deis atá ar fáil do pháistí a scileanna drámaíochta agus ceoil a fheabhsú faoi stiúir phlúr na múinteoirí. Bíonn ceardlanna Aisling Óg ar siúl gach Satharn agus Airneál na nÓg gach Céadaoin.

Beidh saothar cumhachtach le lear mór ealaíontóirí éagsúla as fud fad na hÉireann agus níos faide i gcéin ar taispeáint i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána. Pléann saothar Helouise O'Reilly le coilíniú agus díchoilíniú trí mhapáil logainmneacha Thoraí, agus léiríonn grianghraif Women from the Inside míostrú agus na hathruithe a thagann ar choirp na mban. I mí an Mhárta, beidh pictiúir le breis agus 50 maisitheoir le feiceáil i dtaispeántas an-speisialta a dhéanann comóradh ar Tomi Ungerer.



Beidh Na Saoithe Gan Locht ag leanacht lena ranganna Gaeilge, amhránaíochta agus oidhreachta gach maidin Dé Céadaoin. Cuirfidh a múinteoir, Caoimhín Ó Seanáin, fáilte chroíúil roimh rannpháirtithe nua a shantaíonn craic agus cuideachta.

Táimid thar a bheith buíoch as a dtacaíocht leanúnach dár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, agus de Fhoras na Gaeilge, Future Screens, Comhairle Chathair Bhéal Feirste, Ciste Infheistíochta na Gaeilge agus den Roinn Pobal.

**Gráinne Ní Ghilín**

# WORD FROM THE DIRECTOR

*Our amazing events team has put together an exciting programme of music, art, literature and educational activities to lift our spirits on the journey from the dark, cold winter into spring.*

*March brings two of our favourite festivals, Seachtain na Gaeilge le Energia and Young At Art's Belfast Children's Festival. We are delighted to be staging Gráinne Holland's new music show, Draíocht sa Dúlra – expect stunning costumes in this unique event for all the family.*

*Budding performers can develop their drama and music skills under the direction of some of the best teachers around in our Saturday Aisling Óg workshops and Airneál na nÓg music classes every Wednesday.*

*We have the privilege of hosting powerful exhibitions by artists from all over Ireland and beyond in our Dánlann Dillon and Ballaí Bána galleries. Helouise O'Reilly studies colonisation and decolonisation through the mapping of placenames in Tory Island, while Women from the Inside explore menstruation and the changes in women's bodies. In March we'll display the work of over 50 illustrators in a special exhibition to commemorate Tomi Ungerer.*

*Na Saoithe Gan Locht and their teacher, Caoimhín Ó Seanáin, extend the warmest of welcomes to pensioners every Wednesday morning for great company and craic at their language, song and heritage classes.*



*As always, we extend our gratitude for their ongoing support to our principal funder, the Arts Council, as well as Foras na Gaeilge, Future Screens, Belfast City Council, Ciste Infheistíochta na Gaeilge and the Department for Communities.*

**Gráinne Ní Ghilín**

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR bPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER

Mar sheaimpín na n-ealaíon agus an chultúir Ghaeilge anseo i gcroílár Cheathrú Ghaeltachta na cathrach, cinntíonn An Chultúrlann go mbíonn deis ag gach duine sult a bhaint as raon iomlán na n-eispéireas cruthaitheach. Cuireann clár Imbolc tús leis an Earrach ar an bhealach is fearr le ranganna agus ceardlanna nua, imeachtaí ceoil bheo agus seisiúin cheoil thraidisiúnta; agus i measc bhuaicphointí Fhéile Pháistí Bhéal Feirste beidh Máire Zepf, Áine Ní Ghlinn agus Grainne Holland.

Mar phríomh-mhaoinitheoir trí chistí an Chrannchuir Náisiúnta, tá bród ar an Chomhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus í ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh, ag soláthar siamsa agus ag tógáil chroíthe an phobail mar a dhéanann na healaíona ar a mbealaí sainiúla féin.

I dtaca le rud éigin ábhartha, eile tá an Chomhairle Ealaíon ar lorg aischothú maidir lenár Straitéis nua 10 mBliana 2024-2034. Mar chuairteoir ar an Chultúrlann, beidh a fhios agat cé chomh tábhachtach agus atá na healaíona. Agus is mór linne bhur gcuid tuairimí! Beidh an comhairliúchán poiblí faoinár bPlean 10-mBliana ar siúl go dtí an 5ú Aibreán 2024. Téigh chuig https://artscouncil-ni.org/10YearStrategy.
Ba mhór linn bhur dtuairimí a fháil!



*As a champion of Irish language arts and culture, An Cultúrlann offers great opportunities for everyone to enjoy the widest range of creative experiences, here in Belfast's Gaeltacht Quarter. The Imbolc programme has everything you could ask for to inspire your creativity, with new classes and workshops, live music, art exhibitions and, one of the highlights of this year's Belfast Children's Festival, the wonderful Máire Zepf, Aine Ní Ghlinn and Grainne Holland.*

*As the principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support An Cultúrlann as it continues to engage people in creative experiences that are guaranteed to inspire, entertain and uplift.*

*On another, related note, the Arts Council is inviting feedback on our new 10-year Strategy, 2024-34. As a visitor to An Cultúrlann, you will know how much the arts matter. And your views matter to us! The public consultation on our proposed 10-Year Plan runs until 5th April 2024. Go to:* https://artscouncil-ni.org/10YearStrategy.
*We'd love to know what you think!*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# EANÁIR | JANUARY

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil**<br>07/01/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>15/01/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dunla**<br>16/01/24 \| 7- 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>17/01/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>17/01/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music-* |
| **Taispeántais: Helouise O'Reilly**<br>18/01/24 - 29/02/24 \| Seoladh : 7pm | | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |
| **Taispeántais : Women from the Inside Collective**<br>18/01/24 - 29/02/24 \| Seoladh : 7pm | | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |
| **Na Bopóga**<br>20/01/24 \| 11am - 12pm | | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Aisling Óg**<br>20/01/24 \| 1 - 3pm | | *Óige \| Youth* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>20/01/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>22/01/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |

# EANÁIR | JANUARY

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Ranganna Ióga**<br>23/01/24 \| 7 - 8pm | | Pobal \| Community |
| **Ceol na mBan**<br>26/01/24 \| 12 - 2pm | | Ceol \| Music |
| **Scoil Gheimhridh Uí Chadhain - Ag Samhlú Éire Nua**<br>26/01/24 \| 12 - 3pm | | Ceol \| Music |
| **Aisling Óg**<br>27/01/24 \| 1 - 3pm | | Óige \| Youth |
| **Scoil Gheimhridh Uí Chadhain - Ag Samhlú Éire Nua**<br>27/01/24 \| 11:00 - 5:00pm | | Pobal \| Community |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>29/01/24 \| 6 - 10pm | | Óige \| Youth |
| **Ranganna Ióga**<br>30/01/24 \| 7 - 8pm | | Pobal \| Community |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>31/01/24 \| 10am - 12pm | | Oideachas \| Education |
| **Airneál na nÓg**<br>31/01/24 \| 4 - 5pm | | Óige \| Youth |
| **Ranganna Gaeilge**<br>31/01/24 \| 7 - 9pm | | Oideachas \| Education |
| **Cór na mBan**<br>31/01/24 \| 7 - 9pm | | Ceol \| Music- |

# FEABHRA | FEBRUARY

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* |
|---|---|
| **Ceardlann Imbolc le Cormac Ó Donnghaile**<br>01/02/24\| 9:30 - 11:00am \| 1-2pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Bopóga**<br>03/02/24 \| 11am - 12pm | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>03/02/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>03/02/24 \| 1 - 3pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>05/02/24 \| 6pm - 10pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>06/02/24 \| 7 - 8pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>7/02/24 \| 10am - 12pm | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>07/02/24 \| 4 - 6pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>07/02/24 \| 7 - 9pm | *Pobal \| Community* |
| **Cór na mBan**<br>07/02/24 \| 7 - 9pm | *Oideachas \| Education* |
| **Na Bopóga**<br>10/02/24 \| 11am - 12pm | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>10/02/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>10/02/24 \| 1 - 3pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>12/02/24 \| 6 - 9pm | *Óige \| Youth* |

# FEABHRA | FEBRUARY

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | |
|---|---|---|
| **Ranganna Ióga**<br>13/02/24 \| 7 - 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Airneál na nÓg**<br>14/02/24 \| 4 - 6pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>14/02/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>14/02/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>17/02/24 \| 11am - 12pm | | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>17/02/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>17/02/24 \| 1 - 3pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>19/02/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dunla**<br>20/02/24 \| 7 - 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>21/02/24 \| 10am- 12pm | | *Oideachas \| Education* |

## FEABHRA | FEBRUARY

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* |
|---|---|
| **Airneál na nÓg**<br>21/02/24 \| 4 - 6pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>21/02/24 \| 7 - 9pm | *Óige \| Youth* |
| **Cór na mBan**<br>21/02/24 \| 7 - 9pm | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>23/02/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>24/02/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>24/02/24 \| 1 - 3pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>26/02/24\| 6 - 10pm | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dunla**<br>27/02/24 \| 7 - 8pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>28/02/24 \| 10am - 12pm | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>28/02/24 \| 4 - 6pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>28/02/24 \| 7 - 9pm | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>28/02/24 7 - 9pm | *Ceol \| Music* |

# MÁRTA | MARCH

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Ceol na mban**<br>01/03/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>02/03/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>02/03/24 \| 1 - 3pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>04/03/24 \| 6 - 10pm | | *Ceol \| Music* |
| **Ióga le Dunla**<br>05/03/24 \| 7 - 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>06/03/24 \| 10am - 12pm | | *Ceol \| Music* |
| **Airneál na nÓg**<br>06/03/24 \| 4 - 6pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>06/03/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>06/03/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Taispeántais : Illustrators Ireland in ómós do Tomi Ungerer**<br>07/03/24 - 18/04/24 \| Seoladh : 7pm | | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |
| **Taispeántais : Siobhán O'Callaghan**<br>07/03/24 - 18/04/24 \| Seoladh : 7pm | | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |

# MÁRTA | MARCH

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* |
|---|---|
| **Clár na nÚdar i gcomhar le Young at Art**<br>08/03/24 \| 9:30 - 10:30am & 11 - 12pm | *Óige \| Youth* |
| **Ceolchoirm Lá Idirnáisiúnta na mBan**<br>08/03/24 \| 7 - 10pm | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>09/03/24 - 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>09/03/24 \| 1 - 3pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>11/03/24 \| 6 - 10pm | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dunla**<br>12/03/24 \| 7 - 8pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>13/03/24 \| 10am - 12pm | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>13/03/24 \| 4 -6pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>13/03/24 \| 7 - 9pm | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>13/03/24 \| 7 - 9pm | *Ceol \| Music* |
| **Draíocht an Dúlra le Grainne Holland**<br>14/03/24 \| 10am & 12pm | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Babaithe Cultúir**<br>14/03/24 \| 12pm | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Seachtain na Gaeilge le Seanchoíche**<br>*(sonraí le fogáirt \| details TBA)*<br>15/03/24 | *Litríocht \| Literature* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>16/03/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |

AR AON AMHARC | AT A GLANCE

# MÁRTA | MARCH

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Aisling Óg**<br>16/03/24 \| 1 - 3pm | | *Óige \| Youth* |
| **La Teaghlaigh Lá Fhéile Pádraig i gComhar le Seachtain na Gaeilge le Energia**<br>17/03/24 \| 12 - 3pm | | *Pobal \| Community* |
| **Ranganna Ióga**<br>19/03/24 \| 7 - 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>20/03/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>20/03/24 \| 4 - 6pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>20/03/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>20/03/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>23/03/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>23/03/24 \| 1 - 3pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>25/03/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga**<br>26/03/24 \| 7 - 8pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>27/03/24 \| 10 - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>27/03/24 \| 4 - 6pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cór na mBan**<br>27/03/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

***Uaireanta oscailte:***
*Opening Hours*

***Dé Luain - Dé hAoine :***
*Monday - Friday:*

| | |
|---|---|
| 9:30am | 5:30pm |

***Dé Sathairn:***
*Saturday :*

| | |
|---|---|
| 9:30am | 4:00pm |

***Dé Domhnaigh:***
*Sunday :*

Druidte | Closed

02890 322811

eolas@anceathrupoili.com

www.anceathrupoili.com



## BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia Loch Lao ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Gheobhaidh achan duine a cheannaíonn ticéid d'imeachtaí na Cultúrlainne 15% lacáiste ar bhia. Bígí linn!

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia Loch Lao is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia Loch Lao offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards. Get 15% off your food if you hold tickets to any of the Cultúrlann events. Come and join us!*

| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours* | |
|---|---|
| *Dé Domhnaigh - Déardaoin* Sun day- Thursday: | |
| 9:00AM | 7:00PM |
| *Dé hAoine - Dé Sathairn* Friday - Saturday: | |
| 9:00AM | 9:00PM |
| *Cuir glaoch orainn ar / Call us on* 02890 964184. | |



## CUMANN ÓIGE NA BHFÁL

Bíonn Cumann Óige na bhFál ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gach oíche Luain ó 6 - 8pm do pháistí bunscoile (idir rang 4 agus rang 7) agus ó 8 - 10pm do dhaltaí meánscoile (ón chéad bhliain ar aghaidh).
Bíonn eispéiris iontacha ag daoine óga agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí an chumainn, idir chluichí, cheol, dhráma, chláir fhorbartha phearsanta agus a thuilleadh, baineann daoine óga an-sult as an Chumann Óige.

*Cumann Óige na bhFál takes place in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich every Monday night from 6 - 8pm for primary school children (between p4 and p7) and from 8 - 10pm for secondary school students (from the first year onward). Young people have great experiences when they take part in the activities, which range from games, music, drama, personal development programs and more, young people really enjoy Chumann Óige.*

15/01/24 - 11/03/24

Páistí bunscoile:
6 - 8pm

dhaltaí meánscoile:
8pm - 10pm

*Eolas:*

enimhuireagain@culturlann.ie

028 9096 4180




## AIRNEÁL NA NÓG

Is faoi stiúir Róise Ní Mhurchú atá Airneál nÓg agus bhéarfaidh sé deis do pháistí iad féin a bhá sa cheol. Beidh réimse gníomhaíochtaí ann chun scileanna na bpáistí sna healaíona agus sa chultúr Ghaelach a fhorbairt agus cuirfear béim ar an fheadóg stáin agus ar an cheol.
Cúrsa 8 seachtaine a bheidh ann ag toiseacht an 17 Eanáir.

*Airneál na nÓg returns under the direction of Róise Ní Mhurchú and will give children the chance to immerse themselves in music. There will be a variety of activities developing young people's skills in the arts and Irish culture, focusing on the tin whistle and singing.*
*This is an 8 week course starting on the 17th of January.*

17/01/24 - 27/03/24

4 -5pm

*Eolas:*

enimhuireagain@culturlann.ie

028 9096 4180

culturlann.ticketsolve.com




## AISLING ÓG

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag cur tús le téarma nua an 20 Eanáir agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a chíoradh – damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh.

*Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on 20th of January and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities, all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme.*

20/01/24 - 23/03/24

1 -3pm

*Eolas:*

enimhuireagain@culturlann.ie

028 9096 4180

culturlann.ticketsolve.com




## BABAITHE CULTÚIR

Bígí linn le haghaidh sraith nua de Bhabaithe Cultúir, réimse d'eispéiris idirghníomhacha chruthaitheacha a chuireann le samhlaíocht na bpáistí óga trí dheiseanna a thabhairt dóibh triail a bhaint as rudaí nua. Bíonn an tsaoirse acu prácás a dhéanamh agus a gcuid scileanna cruthaitheacha a fhiosrú i spás sábháilte, fáilteach Gaelach. Cé go mbíonn an seisiún seo trí mheán na Gaeilge, tá fáilte roimh gach duine, cibé cumas sa teanga atá acu.

*Join us for a new BCF24 edition of Babaithe Cultúir (Culture Babies). This interactive and imaginative experience supports young children's creative expression by enabling them to try new things, and giving them the freedom to get as messy and playful as they want, in a safe, fun and welcoming Irish language environment. Babaithe Cultúir will help to build very young children's self-confidence, interpersonal and technical skills, as well as offering a wonderful way to spend one-on-one time with your child. Delivered in Irish. All levels of Irish welcome.*

12/03/2024 | 12pm

*Eolas:* enimhuireagain@culturlann.ie

YOUNG at ART



## NA BOPÓGA

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipéadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a mhealladh.

*Don't miss Plúra-Lúra, Nora Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep little ones entertained.*

| |
|---|
| 20/01/24 - 10/02/24 |
| 10 -11am |
| *Eolas:* |
| enimhuireagain@culturlann.ie |
| 028 9096 4180 |




## GAEILGEOIR NA SEACHTAINE

Gach seachtain i mí Márta déanfaidh muid ceiliúradh ar Ghaeil óg as na bunscoileanna áitiúla atá mar Ghaeilgeoir na Seachtaine i rang s'acu agus bronnfaidh muid dearbhán orthu ón Ceathrú Póilí nó ó Bia Loch Lao.

*Every week in March we will be celebrating a young Gael from our local primary schools who will receive a special voucher from an Ceathrú Póilí or a family voucher from Bia Loch Lao!*



# SCÍATH AODÁIN MHIC PHÓILÍN:
## TRÁTH NA GCEIST NA NGAELSCOILEANNA

| |
|---|
| 08/03/24 |
| 9:30 - 11:30am |
| *Amharclann* |




## LÁ TEAGHLAIGH LÁ FHÉILE PÁDRAIG

### i gComhar le Seachtain na Gaeilge le Energia

Bígí linn le haghaidh siamsaíocht Lá Fhéile Pádraig le ceardaíocht, ealaín, ceol agus spraoi. Beidh roinnt imeachtaí ann lena n-áirítear ceardlann ealaíne, péinteáil aghaidheanna agus ceol le Clann Mhic Corraidh.

**Tuilleadh eolais le teacht!**

*Join us for our St. Patrick's Family Fun Day with art workshops, face painting, and music with Clann Mhic Corraidh!*

**Further information to come!**

17/03/24

1-3pm

Seachtain na Gaeilge le energia




## FÉILE NA BPÁISTÍ, BÉAL FEIRSTE 2024

### i gComhar le Young at Art

Clár na nÚdár i gComhar le Young at Art
Beidh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich mar óstóir ar Chlár na nÚdar arís i mbliana mar chuid d'Fhéile na bPáistí le Young at Art. Beidh cuid de na scríbhneoirí is fearr sa tír linn le haghaidh ceardlanna scéalaíochta agus ceardaíochta le scríbhneoirí lena n-áirítear Máire Zeph agus Mr.Ando, Paddy Donnelly, Fearghas Mac Lochlainn agus Muireann Nic Chíobháin!

*Cultúrlann McAdam Ó Fiaich are delighted to be hosting Irish Language Author Programme again as part of the Belfast Children's Festival. Some of the best Children's Authors in Ireland will be with us for storytelling and arts and crafts with writers and artists like Máire Zeph and Mr.Ando, Paddy Donnelly, Fearghas Mac Lochlainn agus Muireann Nic Chíobháin!*

08/03/24 - 16/03/24

YOUNG at ART




Léiriú le Morgana Weeks
Illustration by Morgana Weeks

# DRAÍOCHT AN DÚLRA

## LE GRÁINNE HOLLAND

Bíonn roth na bliana ag tiontú i gcónaí agus tá Gráinne Holland agus a cairde ceolmhara ag iarraidh sibh a thabhairt ar thuras fríd na séasúir le go dtig libh Draíocht an Dúlra a fheiceáil, a chluinstin agus a mhothú. Bígí linn le Imbolc, Bealtaine, Lúnasa agus Samhain a cheiliúradh i gcuideachta na n-ainmhithe, na gcrann, na mbláthanna agus, ar ndóigh, na sióg!

Is leabhar nua é 'Draíocht an Dúlra' atá maisithe go hálainn agus a bhfuil albam de16 amhrán ag dul leis atá scríofa agus cumtha ag Gráinne Holland, léirithe ag Seán Óg Graham agus maisithe ag Morgana Weeks. Tugann an leabhar muid trí roth Ceilteach na bliana agus clúdaíonn sé féilte Imbolc, Bealtaine, Lúnasa agus Samhain. Tugann na hamhráin beocht do na séasúir agus tarraingíonn siad aird ar dhraíocht an dúlra a bhí ceangailte i gcónaí leis na síscéalta anseo in Éirinn. D'fhoilsigh Corcra Media Ltd 'Draíocht an Dúlra' le maoiniú ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Seó 50 bomainte do theaghlaigh le scéalaíocht, amhránaíocht, ceol agus damhsa.

*The wheel of the year is always turning and Gráinne Holland and her musical friends are inviting you to accompany them on a magical journey through the seasons so that you may see, hear and feel the magic of nature. Join us to celebrate Imbolc, Bealtaine, Lúnasa and Samhain in the company of the animals, trees, flowers and, of course, the fairies!*

*'Draíocht an Dúlra' is a beautifully illustrated book of 16 songs with an accompanying album written and composed by Gráinne Holland, produced by Seán Óg Graham and illustrated by Morgana Weeks. The book takes us through the Celtic wheel of the year and covers the festivals of Imbolc, Bealtaine, Lúnasa and Samhain. The songs bring the seasons to life and highlight the magic of nature which has always been connected to the fairy folk here in Ireland. 'Draíocht an Dúlra' was published by Corcra Media Ltd with funding from COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta).*

*A 50-minute show for families combining storytelling, songs, music and dance.*

| DÁTA \| DATE | |
|---|---|
| **14/03/23** | |
| **11am** | **1pm** |



## COIRNÉAL AN CHEOIL
## THE MUSIC CORNER

Bígí linn gach Satharn sa chaifé nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta le shárcheoltóirí agus le sáramhránaithe.

*Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.*

***Gach Satharn | Every Saturday***
***12:00 - 2:00pm***
***Cultúrlann McAdam Ó Fiaich***




## CEOL NA MBAN

Ábhar misnigh dúinn uilig seisiún speisialta na mban a bhíonn againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar thábhacht, ar thallann agus ar ról na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta. Fáilte roimh chách, buailigí isteach orainn!

*As the end of the month draws upon us, we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all-female-led session in recognition of the importance, the talent and the role of women in the traditional music scene. All welcome, be sure to call in!*

| | |
|---|---|
| 26/01/24 | 12 - 2pm |
| 23/02/24 | 12 - 2pm |
| 29/03/24 | 12 - 2pm |




## CEOLCHOIRM
## LÁ IDIRNÁISIÚNTA NA MBAN
## LEIS NA BRIGIDEENS, MÚLÚ, RÓISÍN CHAMBERS AGUS AÍONNA SPEISIALTA!

Bígí linn agus muid ag ceiliúradh na mná speisialta ar fad inár saolta trí cheol, craic agus scéalaíocht. I mbliana táimid ag dul aird a tharraingt ar mhná ó raon leathan cultúr agus cúlraí inár bpobal agus muid ag ceiliúradh na ndifríochtaí agus na gcosúlachtaí eadrainn go léir!

Fáilte roimh chách!

*Join us as we celebrate all the special women in our lives through music, craic and storytelling. This year we are going to highlight women from a wide range of cultures and backgrounds in our community as we celebrate the differences and similarities between us all!*

*Everyone welcome!*

***Sonraí le fógairt***

08/03/24

7 - 10pm

# HELOUISE O'REILLY
## NÍ BHÍONN IMEACHT GAN CHAILL

I Ní Bhíonn Imeacht gan Chaill, scrúdaíonn O'Reilly an caidreamh idir theanga agus an Fhéiniúlacht i gcomhthéacs na Gaeilge. Díríonn an saothar seo ar Oileán Thoraí – a bhfuil clú air mar cheann de na pobail Ghaeilge is saibhre in Éirinn. Tá tionchar díreach ag stair shaibhir, béaloideas agus traidisiún an oileáin ar theanga agus ar logainmneacha na háite.

Ag tagairt do Shuirbhéireacht Ordanáis oileán Thoraí 1835 agus don dráma Translations le Brian Friel chomh maith lena taighde féin ar an oileán, scrúdaíonn O'Reilly an dóigh a n-úsáideann muid teanga chun cur síos agus tuiscint a fháil ar an ghaol atá againn lenár dtírdhreach fisiceach agus lenár n-oidhreacht chultúrtha. Trí bhailiúchán de chomhrá taifeadta, grianghrafadóireacht agus léarscáileanna, rianaíonn an t-ealaíontóir dearcthaí stairiúla na cumhachta agus an ordlathais i leith na Gaeilge chomh maith leis na hiarrachtaí stairiúla agus comhaimseartha a rinneadh chun teanga, a mhair ainneoin na n-ainneoin, a chaomhnú.

Cé go bhfuil an obair seo dírithe ar an Ghaeilge, nascann sí fosta le mionteangacha ar fud an domhain atá faoi thionchar oidhreacht an choilínithe, na heisimirce agus fachtóirí sochpholaitiúla. Ceistítear díláithriú agus briseadh na féiniúlachta agus iarmhairtí na cailliúna teanga ar na glúnta ina dhiaidh sin.

*In Ní Bhíonn Imeacht gan Chaill, O'Reilly explores the relationship between language and identity within the context of the Irish language. This work centres on Oileán Thoraí - said to be one of the richest Irish language communities in Ireland. The Island's rich history of folklore, mythology and tradition have directly influenced the language and place names there.*

*With reference to the 1835 Ordnance Survey of Tory island and Brian Friel's play Translations as well as her own explorations of the island, O'Reilly examines the way we use language to describe and understand our relationship to our physical landscape and cultural inheritance. Through an assemblage of recorded conversations, photography and maps, the artist charts historic attitudes of power and hierarchy towards the Irish language alongside the historic and contemporary efforts taken to preserve a language that has survived despite the odds.*

*Although this work is centred on the Irish language, it can be applied to minority languages worldwide, affected by the legacy of colonisation, emigration and socio-political factors. The displacement and fracture of identity is questioned and how the ripples of loss of language can be felt by subsequent generations.*

| 18/01/23 | 29/02/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 18/01/24 \| 7:00pm | |
| *Dánlann Dillon* | |



## WOMEN FROM THE INSIDE COLLECTIVE

## RUD DAMANTA MAITH

## A Bloody good thing

Bailiúchán grianghrafadóireachta agus fís-saothar é ‘Rud Damanta Maith’ arna chruthú i Luimneach ag an grúpa ban ‘Mná ón Taobh Istigh’ a scrúdaíonn an míostrú agus líon na n-athruithe a d’fhéadfadh tarlú do chorp mná ar feadh a saoil. Ardaíonn an taispeántas ceist faoin bhealach a bhféadfaí an míostrú a bhrath, mar baineann fochialla diúltacha go fóill leis sa tsochaí. Bhí siad ag iarraidh go bhfeicfí an míostrú mar cheiliúradh, mar dheis le fuinneamh diúltach a dhíbirt agus tús a chur le céim nua athfháis agus athbhreithe.
Is próiseas thar a bheith dinimiciúil agus nádúrtha é an míostrú.
Don bhailiúchán saothar seo, chomhoibrigh siad agus chruthaigh siad dhá phictiúr déag nach ndearnadh eagarthóireacht orthu, d’fhíormhná, ó dhéagóirí go mná sna hochtóidí, de gach cruth, gach méid, gach cúlra agus gach eitneacht. Baineadh úsáid as torthaí éagsúla lena n-áirítear seadóg, pomagránait, pluma agus silíní chun na céimeanna éagsúla den mhíostrú ar feadh saolré mná a léiriú.
Fuair siad spreagadh fosta ón téacs “50 Rud a Chaithfidh a Bheith ar Eolas Agat Faoin Mhíostrú”: Bí eolach ar do shileadh agus bí i gcomhthráth le do thimthriall” le Claire Baker. Déanann sí gach céim de timthriall na mban a chur i gcomparáid leis na séasúir, agus d’úsáid muid an idé-eolaíocht seo chun comhoibriú agus rinceoir comhaimseartha a thaifeadadh.

*A Bloody Good Thing’ is a body of photography and video work created in Limerick by the female collective ‘Women from the Inside’ that explores menstruation and the diverse number of changes that can happen to a woman’s body throughout her lifetime. This exhibition challenges the way menstruation may be perceived, as there are still negative connotations attached to it in society. They wanted menstruation to be seen as a celebration, a chance to release negative energies and the beginning of a new phase of regrowth and rebirth.*
*Menstruation is such an incredibly dynamic and natural process.*
*For this body of work, they collaborated and captured twelve real and unedited women’s bodies, from teenagers to women in their 80s, of all shapes, sizes, backgrounds, and ethnicities. Different fruits such as grapefruit, pomegranate, plum and cherries, were used to represent the different stages of menstruation throughout a woman’s lifetime.*
*They were also inspired by the text “50 Things You Need to Know About Periods: Know your flow and live in sync with your cycle” by Claire Baker. She likens each stage of a woman’s cycle to the seasons, and we used this ideology to collaborate and shoot a contemporary dancer.*

| 18/01/24 | 29/02/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 18/01/24 \| 7:00pm | |
| *Ballaí Bána* | |





# ILLUSTRATORS IRELAND

## 'I GCUIMHNE AR A BHFUIL ROMHAINN' IN ÓMÓS DO TOMI UNGERERIN

## 'MEMORY OF THE FUTURE' IN HOMAGE TO TOMI UNGERER

Taispeántas é seo le 55 mhaisitheoir Éireannacha, a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar an mhaisitheora agus an scríbhneora Tomi Ungerer a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.
Rugadh Tomi Ungerer i Strasbourg agus bhí cónaí air in go leor áiteanna ina shaol, ach ba in Éirinn den chuid is mó a chaith sé na blianta deiridh. Mar sin is Éireannach oinigh é, agus go deimhin chuir Illustrators Ireland fáilte roimhe in 2018 mar an chéad bhall oinigh – agus an t-aon bhall oinigh amháin - den eagraíocht sin.
Is frása é 'In Memory of the Future' ar thaitin sé le Tomi Ungerer é a úsáid. Is in ómós dó atá an taispeántas agus féachann sé fosta ar an todhchaí le saothar maisitheoirí atá beo. Tá saothar le Ungerer roghnaithe ag gach taispeántóir – gach duine acu ina bhall de Illustrators Ireland – agus tá freagairt nó léirmhíniú ar an phíosa sin ar leith cruthaithe aige.

*This is an exhibition by 55 Irish illustrators, celebrating the life and work of the internationally renowned illustrator and writer Tomi Ungerer. Born in Strasbourg, Tomi Ungerer lived in many places in his lifetime, but it was mostly in Ireland that he spent his final decades. That makes him an honorary Irishman, and indeed he was welcomed by Illustrators Ireland in 2018 as the first – and only – honorary member of that organisation.*

*'In Memory of the Future' is a phrase that Tomi Ungerer liked to use. This exhibition in memory of him also looks to the future with the work of living illustrators. Each exhibitor – all members of Illustrators Ireland – has selected a work by Ungerer and has created a response to or interpretation of it.*

| 07/03/24 | 18/04/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 07/03/24 \| 7:00pm | |
| *Dánlann Dillon* | |
| An tSnáthaid Mhór | |



# SIOBHÁN O'CALLAGHAN
## CUMAINN | WE GATHER

Is ealaíontóir í Siobhán O'Callaghan atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus a fhaigheann spreagadh ó chumas na healaíne le haghaidh scéalaíochta, faisnéise agus tráchtaireachta, agus ó na próisis chruthaitheachta. Díríonn a cuid oibre ar an rud is ceangal ann i bhfoirmeacha éagsúla – eispéiris chomhroinnte, dlúthchaidreamh, an bhaint atá againn lenár dtimpeallacht. Tuigeann sí go gcuidíonn na timpeallachtaí ina mairimid le daoine ciall a bhaint as a muintearas maidir le cúrsaí cultúrtha agus leis an phobal i gcoitinne. Tá an tsraith seo de phictiúir agus de líníochtaí suite in aice le páirceanna CLG – láithreáin chairdis, pobail agus taithí chomhroinnte. Cuimsíonn an saothar caidrimh a tógadh agus a aimsítear taobh istigh de chreat na lúthchleasaíochta agus is ceiliúradh é ar chluichí fisiciúla. Léiríonn O'Callaghan pictiúir de ghlóir, den bhua agus den dlúthchaidreamh atá le fáil i gclubthithe, i seomraí feistis agus ar pháirceanna imeartha. Tríd an saothar tugann an t-ealaíontóir cuireadh don lucht féachana a bheith páirteach in atmaisféar an mhuintearais.

*Siobhán O'Callaghan is a Dublin-based artist, invigorated by art's capacity for storytelling, documentary and commentary, and the processes of making. Her work centres around connection in various forms – shared experiences, intimacy, how we relate to our environment. She is mindful that the environments in which we live help people make sense of their belonging in a larger culture and community.*
*This series of paintings and drawings is located in and around GAA grounds – sites of camaraderie, community and shared experience. The work captures relationships built and found within the frame of athletics and is a celebration of physical games. O'Callaghan offers snapshots of exaltation, defeat and closeness found in clubhouses, changing rooms and on pitches. Through the work the artist invites viewers to share in the atmosphere of togetherness.*

| 07/03/24 | 18/04/24 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 07/03/24 \| 7:00pm | |
| *Ballaí Bána* | |
| An tSnáthaid Mhór | |




## AN CIORCAL LÉITHEOIREACHTA
## READING CIRCLE

Dé Luain 12 Feabhra ar 6.30pm sa Chultúrlann
Dé Luain le hEoghan Ó Tuairisc

On Monday 12th February at 6:30pm we will be discussing the book
Dé Luain by hEoghan Ó Tuairisc

An chéad Luan de gach mí | The first Monday of every month
Tuilleadh eolais | For more information:
enimhuireagain@culturlann.ie




## SEANCHOÍCHE
## SHEACHTAIN NA GAEILGE

**Tá SEANCHOÍCHE ar ais i mBéal Feirste do Sheachtain na Gaeilge! Bígí linn don dara seó le Seanchóiche i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich.**
Oíche scéalaíochta is ea SEANCHOÍCHE a cuireadh ar bun i mBaile Átha Cliath agus a bhíonn ar siúl i láthair na huaire i mBaile Átha Cliath, i Londain, in Amstardam, Melbourne, Sydney, Luimneach agus anois i mBéal Feirste.

Oíche scéalaíochta a thugann cuireadh do dhaoine as gach cearn den chathair theacht le chéile a dh'éisteacht le scéalta ó bhéal lena n-áirítear scéalta pearsanta, monalóga, insintí ficsin agus filíochta, agus achan rud eile nach iad. Agus é ar an fhód anois le chóir a bheith dhá bhliain, tugann an oíche scéalaíochta seo deis don ghnáthdhuine scéalta neamhghnácha a insint. Dé ghnáth, bíonn thart ar 100+ i láthair mar lucht éisteachta, agus 10 gcainteoir. Beidh muid ag óstáil imeacht scéalaíochta le SEANCHOÍCHE sa Chultúrlann mar chuid de Sheachtain na Gaeilge le hEnergia agus tá muid ag súil go mór le sibh a fheiceáil ann!

*SEANCHOÍCHE is a storytelling night founded in Dublin that currently runs in Dublin, London, Amsterdam, Melbourne, Sydney, Limerick, and now Belfast.*

*It is a night for people from all corners of the city to come and listen and engage with spoken stories, ranging from personal anecdotes, monologues, fictional narratives, to poetry pieces and anything in between. It as been running for almost two years where ordinary people get up and tell extraordinary stories. Generally, each night has around 100+ attendees, of which there are usually 10 speakers. We will be hosting a storytelling event with Seanchoíche at the Cultúrlann as part of Seachtain na Gaeilge le hEnergia and we look forward to seeing you there!*

| |
|---|
| 14/03/24 |
| 7pm |
| *Tuilleadh eolais*<br>*For more information:* |
| *hello@seanchoiche.com or sinead@culturlann.ie* |



## NA SAOITHE GAN LOCHT
### IRISH CLASS FOR SENIOR CITIZENS

Bígí linn ar mhaithe le ceol, craic agus cuideachta agus, ar ndóigh, le Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh!


Join us for songs, stories, craic and company and, of course to learn and practice Irish!

31/01/24 - 10/04/24

10am - 12pm

*Tuilleadh eolais*
*For more information:*

*enimhuireagain@culturlann.ie*




## RANGANNA GAEILGE

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an tríú téarma den bhliain acadúil seo. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga.

*Cultúrlann's Irish classes continue on to the third term of this academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level. You can register or get additional information by contacting enimhireagain@cuturlann.ie*

31/01/24 - 10/04/24

7 - 9pm

*Tuilleadh eolais*
*For more information:*

*enimhuireagain@culturlann.ie:*



## RANGANNA IÓGA

Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Dátheangach.

*This class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Bilingual*

16/01/24 - 26/03/24

7 - 8pm

*Tuilleadh eolais*
*For more information:*

*enimhuireagain@culturlann.ie*

# NA MEÁIN SHÓISIALTA
## SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'laidhc' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh tú an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.
We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced.

An bhfuil a fhios agat gur féidir leat an cód QR Linktree a scanadh agus beidh gach píosa eolais faoin Chultúrlann agus na himeachtaí i leathanach beag amháin ar do ghuthán?

Did you know you can scan the QR code for Linktree and you'll have access to all information about An Chultúrlann in 1 neat webpage on your phone?
Linktree - @culturlann

**nó scan an cód QR seo le do ghuthán | or scan this QR code with your phone**

- www.culturlann.ie

- @culturlann

- Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

- @Culturlann

- @Culturlann

- @Culturlann

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH